



An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2017
(OR. en)

9265/17

DEVGEN 97
ACP 45
RELEX 412
COAFR 136
FIN 305

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 19 Bealtaine 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 8992/17
roimhe seo:

Ábhar: Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le 'Tacaíocht bhuiséadach a úsáid chun feabhas a chur ar an tiomsú náisiúnta ioncaim san Afraic fho-Shahárach'
- Conclúidí ón gComhairle (19 Bealtaine 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le "Tacaíocht bhuiséadach a úsáid chun an tiomsú náisiúnta ioncaim a fheabhsú san Afraic fho-Shahárach", a ghlac an Chomhairle ag an 3540ú cruinniú dá cuid ar an 19 Bealtaine 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2016

ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le ‘Tacaíocht bhuiséadach a úsáid chun feabhas a chur ar an tiomsú náisiúnta ioncaim san Afraic fho-Shahárach’

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le ‘Tacaíocht bhuiséadach a úsáid chun feabhas a chur ar an tiomsú náisiúnta ioncaim (TNI) san Afraic fho-Shahárach’. Is tríd an tacaíocht bhuiséadach a thagann tuairim is 20% de chistiú forbraíochta an Aontais, agus is í an Afraic fho-Shahárach an faighteoir is mó.
2. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go dtacaíonn an tAontas go láidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Aithníodh i gclár oibre gníomhaíochta Addis Ababa go bhfuil gá, chun iad a chur chun feidhme, le maoiniú intuatha inbhuanaithe, thar an gcúnamh oifigiúil um fhorbairt, áit a bhfuil ról suntasach ag an ioncam intíre.
3. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí a thíolaic sí roimhe seo maidir le ‘Cáin agus forbairt – comhoibriú le tíortha atá i mbéal forbartha chun dea-rialachas a chur chun feidhme i gcúrsaí cánach’,¹ agus maidir leis ‘An cur chuige a bheidh ann amach anseo maidir le tacaíocht bhuiséadach an Aontais do thríú tíortha’.² Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas chun an tacaíocht bhuiséadach a úsáid chun tacú go héifeachtach leis an mbochtaineacht a laghdú agus le húsáid na gcóras tíre, chun an chabhair a thugtar a dhéanamh níos intuatha agus chun neartú a dhéanamh ar úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta ar bheartais agus athchóirithe forbartha.
4. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa [Chomhdhearcaidh Eorpach nua maidir le Forbairt], is den rithábhacht é, do thíortha atá i mbéal forbartha, an tiomsú acmhainní náisiúnta chun chlár oibre 2030 a chur chun feidhme agus chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Leis an tacaíocht bhuiséadach, cabhrófar leis na hiarrachtaí chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme i dtíortha comhpháirtíochta, cuirfear feabhas ar an mbainistiú maicreacnamaíoch agus ar an mbainistiú airgeadais phoiblí, agus cuirfear feabhas ar an timpeallacht ghnó.

¹ 11082/10

² 9371/12

5. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhféadfadh an tacaíocht bhuiséadach a bheith luachmhar mar bhealach chun tacú le tíortha comhpháirtíochta leas a bhaint as an ioncam intíre. Chuideofaí leis na hiarrachtaí sin dá ndéanfaí na critéir incháilitheachta i gceapadh agus i gcur chun feidhme clár tacaíochta buiséadaí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le prionsabail an dea-rialachais a chur chun cinn i gcúrsaí cánach, trédhearcacht agus timpeallachtaí cumasúcháin don tsochaí shibhialta a chur chun cinn, chomh maith le tacaíocht do chórais chánach agus do TNI i dtíortha i mbéal forbartha a neartú.
6. Tugann an Chomhairle dá haire moltaí na Cúirte agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
- na measúnuithe ar TNI agus an anailís riosca a neartú;
 - - neartú a dhéanamh ar úsáid na gcoinníollacha sonracha eisíocaíochta do TNI;
 - neartú a dhéanamh ar an tuairisciú a dhéantar ar úsáid na tacaíochta buiséadaí chun TNI a fheabhsú;
 - neartú a dhéanamh ar an gcuid sin de TNI a bhaineann leis an idirphlé beartais;
 - úsáid an fhothaithe acmhainní i TNI a neartú; agus
 - measúnú a dhéanamh ar thionchar na tacaíochta buiséadaí ar an bhfeabhas ar TNI.
7. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá moltaí na Cúirte, is díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún leo uile agus tá sí ag súil le go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad. Ina theannta sin, aithníonn sí nár leor an t-achar ama a d'imigh thart ó tugadh an beartas nua tacaíochta buiséadaí isteach in 2013 chun torthaí suntasacha a bhaint amach i réimse ar nós réimse an tiomsaithe ioncaim, go dteastaíonn am chun athchóirithe a dhéanamh sa réimse sin. Tugann sí dá haire freisin nach bhfuil sa tacaíocht bhuiséadach ach ceann amháin de na módúlachtaí éagsúla ina dtacaíonn an tAontas le TNI i dtíortha i mbéal forbartha. Is féidir an tacaíocht sin do TNI a chomhlánú freisin le hionstraimí agus tionscnaimh eile ar an leibhéal domhanda, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na tíre.

8. Cuireann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le comhordú a neartú, ní amháin ar leibhéal an cheanncheathraithe ach ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na tíre freisin, idir an tAontas agus na Ballstáit agus comhpháirtithe eile ábhartha forbraíochta agus tacaíocht á tabhairt do TNI, go háirithe maidir le fothú acmhainní a sholáthar, i gcomhréir le tionscnamh cánach Addis agus le clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa.

9. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí maidir le TNI, go háirithe i gcomhthéacs an cur chuige maidir le Cruinnigh Níos Mó - Caith ar Bhealach Níos Fearr, agus, ar an gcaoi sin, aird níos mó a thabhairt ar ghné chaiteachais an airgeadais phoiblí. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an treoir a thugtar, maidir leis an anailís ar TNI agus maidir leis an idirphlé beartais, a neartú go háirithe i gcomhthéacs an nuashonraithe leanúnaigh ar na Treoirínte maidir le Tacaíocht Bhuiséadach, chomh maith le feabhas a chur ar chreat na meastóireachta agus an tuairiscithe a dhéantar ar TNI.
